


Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Chontae na Gaillimhe (PPN)



Cá as ar tháinig na PPN-anna?

- Leagadh amach iad i "Tús Áite do na Daoine" - An Clár um Athchóiriú Rialtais Áitiúil
- Alt 46 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil a chuireann ar chumas údarás áitiúil gach céim chuí a ghlacadh le dul i gcomhairle le pobail áitiúla agus lena rannpháirtíocht éifeachtach i rialtas áitiúil a chur chun cinn
- Tuarascáil an Tascfhórsa ar Rannpháirtíocht Saoránach

Príomhfheidhmeanna an PPN

- Ardán oifigiúil d'ionadaíocht ar bhoird déanta cinntí agus ar choistí an údaráis áitiúil/eile
- Saincheisteanna ar ábhar imní iad a aithint agus feidhmiú chun tionchar a imirt ar bheartais go háitiúil chomh maith le baint a bheith le déanamh cinntí /seirbhísí a phleanáil go háitiúil
- Feidhmiú chun na hearnálacha Comhshaoil, Uilechuimsitheachta Sóisialta, Pobail agus Deonacha a fhorbairt

Struchtúr PPN

PPN Contae

- Gach grúpa sa Chontae
- Cruinniú foirmiúil faoi dhó sa bhliain
- Grúpa amháin vóta amháin
- Coláistí Comhshaoil/
Uilechuimsitheachta
Sóisialta/Deonacha
- Comhlacht déanta cinntí an PPN

Struchtúr PPN

PPN i gCeantar Bardasach

- Gach grúpa sa Cheantar Bardasach (MD)
- Grúpa amháin vóta amháin
- Cruinniú foirmiúil faoi dhó sa bhliain
- Tiocfaidh le chéile chun fíis a fhorbairt don cheantar
- Idirchaidreamh leis an gComhairle Contae sa cheantar sin maidir le seirbhísí
- Déanfaidh comhaltaí a thoghadh ar Rúnaíocht Contae

Struchtúr PPN

Rúnaíocht

- Próisis a bhainistiú, ionadaithe a roghnú, cumarsáid agus idirchaidreamh leis an oibrí acmhainne/leis an gComhairle
- Ionadaí amháin ó gach Ceantar Bardasach agus dhá ionadaí (ar a laghad) ó gach coláiste toghcháin (Comhshaol, Uilechuimsitheacht Shóisialta, Pobal & Deonach)
- Bhí a céad chruinniú ag an Rúnaíocht an 12 Eanáir 2015

Grúpaí Nascachta

- Comhdhéanta de gach eagraíocht a bhfuil leas acu in ábhar ar leith, toghann ionadaithe agus tugann comhairle do na hionadaithe sin
- Cumasaítear gach balleagraíocht a bheith rannpháirteach i ndéanamh cinntí atá á bhforbairt ag aon struchtúr de chuid na Comhairle Contae agus a mbíonn tionchar acu orthu
- Bíonn baint dhíreach ag gach eagraíocht lena rannpháirtithe a roghnú ar struchtúir Comhairle Contae a bheadh ag plé le

Cé na Boird a mbeidh ionadaithe ag an PPN orthu?

- Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC), a mbeidh ról suntasach aige maidir le forbairt pobail lena n-áirítear SICAP (uilechuimsitheacht shóisialta)
- Coistí um Beartas Straitéisteach (SPC-anna)
- Comhchoiste Póilíneachta (JPC)
- Boird eile mar an Bord Oideachais agus Oiliúna, Coiste Contae um Chúram Leanáí, Tascfhérsa Drugaí (faoi réir deimhnithe)

PPN- na chéad chéimeanna eile

➤ Céim 1 PPN Bunaithe

I nDeireadh Fómhair 2014 a bunaíodh an chéad bhunachar sonraí PPN agus tá tuairim is 410 grúpa anois cláraithe

Céim 2 Próiseas chun Rúnaíocht PPN a Ainmniú agus a Thoghadh Tugadh an próiseas seo chun críche i mí na Nollag 2014

➤ Céim 3 Grúpaí Nascachta a Bhunú

Tá an chéad liosta de na grúpaí nascachta bunaithe ar Choistí um Beartas Straitéiseach (SPC-anna) na Comhairle agus ar Chomhchoiste Póilíneachta na Comhairle (JPC)

PPN – na chéad chéimeanna eile

- Céim 4 Próiseas Ainmniúcháin agus toghcháin SPC-anna agus an JPC Beidh tugtha chun críche i mí Feabhra 2015
- Céim 5 Daoine Ainmnithe a vótáil ar SPC-anna agus JPC Beidh tugtha chun críche i mí Feabhra 2015